RÚN (AE) 2023/1926 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 10 Bealtaine 2023

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Soláthair Euratom don bhliain airgeadais 2021

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Soláthair Euratom don bhliain airgeadais 2021,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0126/2023),

A. de bhrí, de réir a ráiteas airgeadais ioncaim agus caiteachais, gurbh é buiséad críochnaitheach Ghníomhaireacht Soláthair Euratom ('an Ghníomhaireacht') don bhliain airgeadais 2021 ná EUR 210 000, arb ionann é agus laghdú 8,7 % i gcomparáid le 2020; de bhrí go dtagann buiséad iomlán na Gníomhaireachta ó bhuiséad an Aontais;

B. de bhrí go luann an Chúirt Iniúchóirí ('an Chúirt'), ina tuarascáil ar chuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2021 ('tuarascáil na Cúirte'), go bhfuil sí tar éis dearbhú réasúnach a fháil go bhfuil cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta iontaofa agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leo dlíthiúil agus rialta;

Bainistíocht buiséid agus airgeadais

1. á chur in iúl go bhfuil sí sásta gur cuireadh an ráta leithreasaithe faoi chomhair gealltanas don bhliain reatha (99,76 %) chun feidhme mar thoradh ar na hiarrachtaí chun faireachán a dhéanamh ar an mbuiséad le linn na bliana airgeadais 2021, arb ionann é agus méadú beag 0,21 % i gcomparáid le 2020, agus ag tabhairt dá haire gurb ionann forghníomhú an ráta leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí don bhliain reatha agus 51,22 %, arb ionann é agus méadú 28,88 % i gcomparáid le 2020;

2. ag tabhairt dá haire, gurbh é iomlán na ngealltanas le híoc don bhliain 2021 (méideanna geallta nach bhfuil íoctha go fóill) a bhí le tabhairt ar aghaidh chuig an mbliain airgeadais 2022 ná EUR 101 966,38 nó 49 % de na méideanna geallta (i gcomparáid le EUR 177 578,67 nó 78 % in 2020), agus go mbaineann an méid sin go príomha le seirbhisí na teicneolaíochta faisnéise (TF) d'idirthréimhse an tionscadail TF 'Bainistiú faisnéise na Faireachlainne Núicléiche agus Ghníomhaireacht Soláthair Euratom' (NOEMI) nár soláthraíodh ina n-iomláine agus le hoiliúint/comhdhálacha a bheidh ar siúl ag tús 2022; á iarraidh ar an nGníomhaireacht aon fhorbairtí ina leith sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

3. ag tabhairt dá haire, ón 1 Eanáir 2021, gur chláraigh an Ghníomhaireacht, nach féidir gníomhú go haontaobhach sa réimse sin, foráil chuntasaíochta ina ráitis airgeadais maidir le haisíocaíocht scaireanna na Ríochta Aontaithe, agus go ndéanfar aon íocaíocht, tuairisceán nó luach saothair leis an Ríocht Aontaithe sna tréimhsí ina dhiaidh sin mar thoradh ar fhoirceannadh ballraíochta na Ríochta Aontaithe a chomhchinneadh leis an gCoimisiún; á iarraidh ar an nGníomhaireacht aon fhorbairtí ina leith sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

Feidhmíocht

4. ag tabhairt dá haire agus is mór aici, tar éis iad a fhormheas ag an gCoimisiún, gur tháinig na rialacha nua lena gcinntear an bealach ina ndéanfaidh an Ghníomhaireacht cothromaíocht a fháil idir sholáthar agus éileamh i bhfeidhm an 1 Iúil 2021, *inter alia* lena soláthraítear sainmhínithe nua agus lena leathnaítear raon feidhme an nóis imeachta simplithe go foirmiúil;

5. ag tabhairt dá haire, go háirithe, obair na Gníomhaireachta le meitheal an choiste chomhairligh maidir le slándáil an tsoláthair agus praghsanna, ar tugadh sainordú nua di in 2021;

Beartas foirne

6. ag tabhairt dá haire go raibh na poist sa phlean bunaíochta 94,12 % líonta an 31 Nollaig 2021, agus 16 oifigeach de chuid an Choimisiúin ceaptha as na 17 bpost údaraithe sa phlean bunaíochta (17 bpost údaraithe in 2020); ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil deacracht ag an nGníomhaireacht cúntóirí ar na gráid níos ísle a aimsiú, i bhfianaise na próifíle speisialta a cheanglaítear agus na leibhéil pá ghaolmhara i gcomparáid leis an gcostas maireachtála i Lucsamburg;

7. Ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an Ghníomhaireacht in 2021 athscaradh inscne i measc gach ball foirne de 56 % ban agus 44 % fear;

8. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé beartas fadtéarmach acmhainní daonna a fhorbairt maidir le cothromaíocht oibre is saoil, treoir ar feadh an tsaoil agus deiseanna oiliúna sonracha a thairiscint d'fhorbairt gairme, cothromaíocht inscne ar gach leibhéal foirne, teilea-obair, an ceart chun dícheangail, cothromaíocht gheografach a fheabhsú chun ionadaíocht iomchuí a chinntiú ó na Ballstáit uile, agus earcú agus lánpháirtiú daoine faoi mhíchumas chomh maith lena áirithiú go gcaitear go cothrom leo agus go gcuirtear a ndeiseanna chun cinn go forleathan;

Soláthar

9. ag tabhairt dá haire, tar éis theacht i bhfeidhm na rialacha nua, gur fhoilsigh an Ghníomhaireacht na foirmeacha nach mór a úsáid chun conarthaí soláthair a chur isteach atá le tabhairt i gcrích ag an nGníomhaireacht agus fógra a thabhairt faoi chonarthaí maidir le seirbhísí a sholáthar;

Rialú inmheánach

10. ag tabhairt dá haire, go ndearna an Ghníomhaireacht nuashonrú measúnaithe riosca in 2021 lenar cumhdaíodh réimsí uile obair na Gníomhaireachta agus a próisis oibríochtúla agus riaracháin, agus go ndearnadh coigeartuithe chun na rialuithe atá i bhfeidhm a ailíniú leis na rioscaí; á iarraidh ar an nGníomhaireacht aon fhorbairtí ina leith sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

11. ag tabhairt dá haire, go dearna an Ghníomhaireacht measúnú ar éifeachtacht a rialuithe inmheánacha arb é a bhí iontu meastóireacht ar tháscairí faireacháin réamhshainithe, lena n-áirítear suirbhé, an mheastóireacht ar thorthaí iniúchóra agus moltaí nua nó atá fós gan réiteach, agus anailís ar neamhchomhlíontaí agus ar chásanna eisceachtúla; ag tabhairt dá haire nár nocht an measúnú aon rioscaí a bhféadfadh forchoimeádas a bheith mar thoradh orthu sa dearbhú bliantúil urrúis;

12. ag tabhairt dá haire, maidir le slándáil faisnéise, go bhfuil imréiteach slándála ag ball foirne uile na Gníomhaireachta agus ag gach conraitheoir seachtrach, agus, thairis sin, go ndearnadh measúnú leochaileachta ar chóras TF NOEMI, agus go ndéanfar arís é tar éis do gach moladh ón measúnú sin a dhéanamh; á iarraidh ar an nGníomhaireacht aon fhorbairtí ina leith sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

13. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé córais bhainistíochta agus rialaithe a neartú chun feidhmiú cuí na Gníomhaireachta a áirithiú; á áitiú go láidir go bhfuil gá le córas bainistíochta agus rialaithe éifeachtach chun cásanna féideartha de choinbhleachtaí leasa, rialuithe *exante* nó *expost* a bheith in easnamh, bainistiú neamhleor ar ghealltanais bhuiséadacha agus dhlíthiúla agus mainneachtain fadhbanna a thuairisciú i gclár na n-eisceachtaí a sheachaint;

An digiteáil agus an t-aistriú glas

14. á chur in iúl go bhfuil sí sásta, de réir na hoibre leantaí a rinneadh ar urscaoileadh 2020, gur tháinig tionscadal TF NOEMI i mbun oibríochta in 2021, tionscadal a bhfuil sé mar aidhm leis cumas faireacháin na Gníomhaireachta a neartú i leith na n-ábhar núicléach agus an mhargaidh breosla agus, ag an am céanna, sonraí maidir le conarthaí núicléacha íogaire a óstáil go slán, agus go mbeidh forbairtí amach anseo ag brath ar an maoiniú a gheofar sna buiséid atá le teacht; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go mbeartaítear sna chéad chéimeanna eile den tionscadal go ndéanfar próiseáil dhigiteach iomlán ar chonarthaí soláthair núicléacha agus ar fhaisnéis na Gníomhaireachta; á iarraidh ar an nGníomhaireacht aon fhorbairtí ina leith sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

15. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé an digiteáil sa Ghníomhaireacht a mhéadú ó thaobh oibriú agus bainistiú inmheánach de ach freisin chun dlús a chur le digiteáil nósanna imeachta; á chur i bhfáth gur gá don Ghníomhaireacht leanúint de bheith réamhghníomhach ina leith seo chun bearna dhigiteach idir gníomhaireachtaí an Aontais a sheachaint; ag tarraingt aird ar an ngá atá leis na bearta uile is gá a dhéanamh chun aon rioscaí do shlándáil ar líne na faisnéise a phróiseáiltear a sheachaint;

16. á mholadh don Ghníomhaireacht oibriú i ndlúthchomhar le (ENISA) Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil agus le CERT-EU (an Fhoireann Phráinnfhreagartha Ríomhaire d'Institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus measúnuithe riosca rialta a dhéanamh ar a bonneagar TF agus a áirithiú go ndéanfar iniúchtaí agus tástálacha rialta ar a cibearchosaintí; ag moladh go ndéanfar cláir oiliúna a bhaineann leis an gcibearshlándáil a thabharfar cothrom le dáta go rialta a chur ar fáil do gach ball foirne laistigh den Ghníomhaireacht; á iarraidh ar an nGníomhaireacht a beartas cibearshlándála a fhorbairt ar bhealach níos tapúla, agus é a sheachadadh roimh an 31 Nollaig 2023 agus tuairisc a thabhairt ar aon fhorbairtí ina thaobh sin don údarás um urscaoileadh;

Leanúnachas gnó le linn ghéarchéim COVID-19

17. ag tabhairt dá haire lean an phaindéim COVID-19 ar aghaidh de dhifear a dhéanamh do AE in 2021 agus gur thug an Ghníomhaireacht teilea-obair isteach mar an rogha réamhshocraithe i gcomhréir le treoir ón gCoimisiún agus chun an baol don fhoireann agus dá dteaghlaigh a íoslaghdú, agus go raibh an fhoireann chriticiúil agus riachtanach a raibh orthu rochtain a fháil ar acmhainní agus dul ag obair ar an áitreabh in ann déanamh amhlaidh ar bhonn uainíochta;

18. ag tabhairt dá haire gur thug an Ghníomhaireacht athruithe isteach ar a patrún caiteachais trí leasú buiséid agus aistrithe inmheánacha i bhfianaise an laghdaithe ar chaiteachas ar thurais oibre reachtúla agus ar chruinnithe an choiste chomhairligh agus gur infheistigh sí ina córas TF ina ionad sin; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur tionóladh cruinnithe an choiste chomhairligh ar líne in 2021;

Barúlacha eile

19. á chur in iúl go bhfuil sí sásta go ndearnadh ollchóiriú ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta in 2021 i gcomhar le hArd-Stiúrthóireacht na Cumarsáide sa Choimisiún, as a leanann suíomh gréasáin atá comhoiriúnaithe do shuíomh gréasáin an Choimisiúin ar ardán dinimiciúil atá nuashonraithe agus éasca le húsáid; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go ndearnadh athdhréachtú ar an bhfaisnéis uile a cuireadh ar an suíomh gréasáin ar mhaithe le heispéireas níos fearr do na húsáideoirí;

20. Á iarraidh ar an nGníomhaireacht dlús a chur lena hiarrachtaí agus faisnéis ábhartha feidhmíochta a thuairisciú do shaoránaigh an Aontais agus don phobal i gcoitinne i dteanga shoiléir agus inrochtana; Ag tathant ar an nGníomhaireacht trédhearcacht agus cuntasacht phoiblí níos fearr a áirithiú trí úsáid níos fearr a bhaint as cainéil na meán agus na meán sóisialta;

21. Á iarraidh ar an nGníomhaireacht leanúint dá cuid sineirgí a fhorbairt (mar shampla maidir le hacmhainní daonna, bainistiú foirgneamh, seirbhísí TF agus slándáil), agus a comhar, a malartuithe dea-chleachtais agus a pléití maidir le réimsí comhleasa le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais a threisiú, d'fhonn éifeachtúlacht a fheabhsú; Ag tathant ar an nGníomhaireacht deiseanna a fhiosrú tuilleadh chun síneadh a chur lena socruithe oibre agus lena comhroinnt acmhainní i ndáil le cúraimí forluiteacha le comhlachtaí eile de chuid an Aontais;

22. Á chur in iúl gur geal léi na moltaí ón nGníomhaireacht maidir le slándáil soláthair ábhar núicléach agus breosla núicléach a áirítear i dtuarascáil bhliantúil 2021 na Gníomhaireachta; á iarraidh ar an nGníomhaireacht a moltaí a mhéadú maidir le féidearthachtaí chun foinsí soláthair úráiniam a éagsúlú do gach céim de thimthriall an bhreosla; á mheabhrú gur ghin gléasraí núicléacha thart ar 25,2 % den leictreachas iomlán a tháirgtear san Aontas in 2021;

23. Ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál tras-earnála a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 10 Bealtaine 2023 ([1]) maidir le feidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([1]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0190.